



An Bhruiséil, 27 Feabhra 2024
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0323(COD)**

**6586/1/24
REV 1**

**COMPET 166
MI 169
IND 78
ECOFIN 179
FIN 156
CODEC 478
IA 47**

NÓTA

ó:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála - Díospóireacht bheartais

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta cúlra ón Uachtaránacht i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála, mar ullmhúchán don díospóireacht bheartais ag an gComhairle Iomaíochais an 7 Márta 2024.

Nóta cúlra ón Uachtaránacht

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála

Díospóireacht bheartais**1. An togra ón gCoimisiún**

Bíonn tionchar ag íocaíochtaí déanacha sonrasc ar chuideachtaí ó gach earnáil ar fud Bhallstáit uile an Aontais. Bíonn tionchar diúltach ar leith acu ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ós rud é go mbíonn siad ag brath ar shruthanna rialta intuatha airgid thirim agus go mbíonn rochtain níos teoranta acu ar leachtacht ná mar a bhíonn ag gnólachtaí móra.

Ní mór do FBManna a íoctar go déanach an t-easnamh leachtachta a eascraíonn as sin a chumhdach trí iasachtaí gearrthéarmacha, rud a mhéadaíonn a gcostais mhaoiniúcháin. Is príomhghné é íocaíochtaí déanacha a laghdú chun leachtacht a bhfuil géarghá léi a chur ar fáil do FBManna chun infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht nó chun laghduithe costais a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí.

Dá bhrí sin, glacadh an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha¹ chun gnólachtaí Eorpacha a chosaint agus a n-iomaíochas a fheabhsú - FBManna ach go háirithe. Mar sin féin, is iad íocaíochtaí déanacha is cúis le 25 % de na féimheachtaí san Aontas sa lá atá inniu ann. Mar thoradh air sin, d'fhoilsigh an Coimisiún togra an 12 Meán Fómhair 2023 le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála. Is iad cuspóirí an togra aghaidh a thabhairt ar easnaimh na Treorach, lena ndíreofar ar fheabhas a chur ar smacht íocaíochta na ngníomhaithe uile lena mbaineann agus cuideachtaí a chosaint ar éifeachtaí diúltacha moilleanna íocaíochta in idirbhearta tráchtála. Is mar chuid de 'pacáiste faoisimh FBManna' níos leithne é an méid sin, lena n-áirítear freisin Treoir maidir le simpliú cánach do FBManna agus an fógra ón gCoimisiún maidir le sraith beart chun próisis do FBManna a shimpliú, chun feabhas a chur ar an rochtain atá acu ar mhaoiniú agus ar lucht saothair oilte agus chun tacú le FBManna ar feadh a saolré gnó.

¹ Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (athmhúnlú), (IO L 48, 23.2.2011, lgh. 1–10).

Leis an athbhreithniú atá beartaithe ag an gCoimisiún ar na rialacha maidir le hÍocaíochtaí Déanacha, cuirtear rialachán in ionad na teorach atá ann cheana le téarmaí íocaíochta uasta ceangailteacha 30 lá do gach idirbheart tráchtála idir gnóthais nó idir gnóthais agus údarais phoiblí. Dhéanfaidh sé íocaíocht táillí cúiteacha agus úis uathoibríoch i gcás íocaíochtaí déanacha agus bheadh creat láidir forfheidhmiúcháin ag gabháil leis na bearta nua sin. D'fhágfaidh sé freisin go mbeadh sé níos éasca ar chuideachtaí a gcearta a éileamh tríd an ualach a bhaineann le sásamh éifeachtach trí idirghabháil a laghdú agus rochtain air a éascú.

De réir mheasúnú tionchair an Choimisiúin, is é is aidhm do na rialacha nua íocaíochtaí déanacha a laghdú 35 %. Ina theannta sin, laghdófaí go mór an méid ama a chaitheann cuideachtaí ar dhul sa tóir ar a gcuid féichiúnaithe, rud a shábhálfadh gnólahtá Eorpacha 340 milliún daonuaire, arb ionann é agus EUR 8.7 billiún. De bhreis ar na tairbhí díreacha airgeadaíochta, ba cheart go ndéanfaidh sé sin leachtacht a athdháileadh ar bhealach níos cothroime sa gheilleagar agus spleáchas FBManna ar mhaoiniú seachtrach a laghdú. Is é an sprioc atá ann cosaint a thabhairt do FBManna, nach mbíonn cumhacht mhargála acu go minic agus a mbíonn orthu glacadh le téarmaí agus coinníollacha íocaíochta éagóracha.

Rialachán is ea an ionstraim atá molta ag an gCoimisiún le haghaidh an athbhreithnithe. Go deimhin, tá go leor buntáistí ag baint leis, dar leis an gCoimisiún, lena n-áirítear gur féidir dul i ngleic leis an ngné thrasteorann d'íocaíochtaí déanacha. Le Rialachán, bheadh príomhghnéithe, mar shampla an téarma uasta le haghaidh íocaíochtaí agus nósanna imeachta fíoraithe, an ráta úis ar íocaíochtaí déanacha agus méid an chúitimh de réir buntáille, mar an gcéanna ar fud an Aontais agus bheidís infheidhme go díreach. Ar an gcaoi sin, áirithítear cothrom na Féinne ar fud na mBallstát maidir leis na gnéithe sin.

San am céanna, bheadh cead ag na Ballstáit forálacha ní ba dhéine a ghlacadh maidir le gnéithe áirithe. Bheadh an rogha acu i gcónaí tréimhsí íocaíochta níos giorra a fhorfheidhmiú tríd an reachtaíocht náisiúnta. Ní fhéadfar foráil eisceachtúil a dhéanamh maidir le nós imeachta glactha nó fíoraithe sa dlí náisiúnta ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis mar gheall ar chineál sonrach na n-earraí nó na seirbhísí. Ní mór cur síos sainráite a dhéanamh ar an nós imeachta sin sa chonradh agus tá sé teoranta freisin do 30 lá ar a mhéad. Ina theannta sin, leagfaí síos sa Rialachán oibleagáidí maidir le comhlachtaí forfheidhmiúcháin, córais idirghabhála, bainistíocht creidmheasa, oiliúint litearthachta airgeadais agus cleachtais agus forálacha conarthacha éagóracha, ach is faoi na Ballstáit a bheadh sé iad a chomhlánú de réir a reachtaíochta náisiúnta.

Bheadh feidhm ag an Rialachán seo atá beartaithe maidir le híocaíochtaí a dhéantar in ‘idirbhearta tráchtála’, arbh cheart a thuiscint mar idirbhearta idir gnóthais nó idir gnóthais agus údaráis phoiblí, inarb é an t-údarás poiblí an féichiúnaí, as a dtagann seachadadh earraí nó soláthar seirbhísí ar luach saothair. Áirítear leis an sainmhíniú sin dearadh agus cur i gcrích oibreacha poiblí, oibreacha tógála agus innealtóireachta sibhialta.

Ní bheadh feidhm ag an Rialachán maidir le híocaíochtaí le haghaidh idirbheart le tomhaltóirí, íocaíochtaí a dhéantar mar chúiteamh ar dhamáistí, ná le híocaíochtaí i ndáil le fiacha atá faoi réir imeachtaí dócmhainneachta, lena n-áirítear imeachtaí atá faoi réir athstruchtúrú fiachais.

Leis an Rialachán nua, chuirfí d’oibleagáid ar na Ballstáit údaráis náisiúnta a ainmniú a bheadh freagrach as an Rialachán a fhorfheidhmiú, a bheadh le comhoibriú leis an gCoimisiún agus le húdaráis forfheidhmiúcháin náisiúnta ábhartha eile, agus liostófaí ann na cumhachtaí nach mór do na húdaráis forfheidhmiúcháin sin a bheith acu.

2. Seasamh na mBallstát

Den chuid is mó, tacaíonn na Ballstáit le leasanna FBManna a chur san áireamh agus tá siad ailínithe go dlúth le hargóintí an Choimisiúin. Measann cuid mhaith de na Ballstáit go gcuirfeadh bunú téarmaí íocaíochta intuartha feabhas ar an gcultúr íocaíochta san Eoraip, go gcruthófaí saoirse conartha ar bhealach níos fearr leis, go gcruthófaí timpeallacht ghnó níos sábháilte leis, go méadófaí sreafaí airgid leis, go gcuirfí borradh faoi infheistíochtaí leis, agus ar an gcaoi sin go neartófaí iomaíochas chuideachtaí an Aontais, go háirithe FBManna.

Mar sin féin, is cúis imní do líon mór Ballstát agus páirtithe leasmhara an togra ón gCoimisiún maidir le cur isteach an Rialacháin ar shaoirse conartha, an easpa sosa ama chun iniúchadh a dhéanamh ar earraí nó seirbhísí seachadta, agus coinbhleachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann le dlíthe náisiúnta. Chuir siad in iúl gur cuid thábhachtach de chonarthaí gnó iad coinníollacha íocaíochta aonair, agus go bhfuil go leor samhlacha gnó feidhmiúla bunaithe ar théarmaí íocaíochta fada. Ón méid a thuigeann siad, dá gcuirfí srian leis an tsaoirse conartha, spreagfaí cuideachtaí chun caidreamh conarthach a aistriú chuig tíortha nach bhfuil san Aontas.

Dá bhrí sin, tá tromlach mór na mBallstát i gcoinne na tréimhse íocaíochta uasta 30 lá atá beartaithe, agus measann siad go ginearálta gur idirghabháil dhíréireach ón reachtóir í. Agus é á chur san áireamh go raibh tionchar ag an Treoir atá ann faoi láthair ar an tsaoirse conartha cheana féin agus go bhfuil bonn cirt leis an teorannú sin ar shaoirse conartha trí leas ginearálta a shaothrú, eadhon sláinte eacnamaíoch cuideachtaí agus, dá bhrí sin, sláinte eacnamaíoch an Aontais, iarrann siad go mbeadh rialacha níos solúbtha ann agus go bhféadfadh comhpháirtithe gnó a dtéarmaí íocaíochta féin a chaibidil, go háirithe idir fiontair ar chóimhéid lena chéile. D'fhéadfaí tréimhsí íocaíochta níos faide a chomhaontú go frithpháirteach agus ní gá go léireofaí leo cumhacht mhargála éagothrom. Dá dtabharfaí isteach uasteorainn dhocht ar thréimhsí íocaíochta, chuirfí na rialacha céanna i bhfeidhm maidir le cásanna gnó éagsúla.

Tá dlúthnasc freisin ann le himní na mBallstát i dtaobh rogha na hionstraime dlí, go háirithe éifeacht chomhchuibhithe iomlán an Rialacháin, a chaithfeadh le raon leathan cásanna gnó éagsúla ar an mbealach céanna agus a d'fhágfadh lamháil inlíochta an-teoranta do na Ballstáit chun na rialacha a chur in oiriúint dá gcomhthéacs náisiúnta.

Cuireadh ábhair imní in iúl freisin maidir leis an ualach riaracháin a chuirfí ar chuideachtaí agus ar údaráis phoiblí leis an Rialachán atá beartaithe, go háirithe an oibleagáid a bheadh ar phríomhchonraitheoirí i gconarthaí oibreacha poiblí fianaise a sholáthar gur íocadh fochonraitheoirí.

Ina theannta sin, is ábhar imní do roinnt Ballstát é údaráis náisiúnta a bhunú chun comhlíonadh an Rialacháin a áirithiú. Chomh maith leis na hábhair imní faoin ualach riaracháin agus faoi na costais a bhaineann leis na húdaráis phoiblí sin a bhunú agus a oibriú, tá imní ann freisin faoi raon feidhme na gcumhachtaí a thugtar dóibh sa Rialachán atá beartaithe, go háirithe maidir le forluí na n-údarás sin le hinniúlachtaí na gcúirteanna agus na mbinsí, rud a d'fhéadfadh dhá chineál nós imeachta comhthreomhara a chruthú.

3. Ceisteanna le plé

Iarrtar ar na hairí an plé maidir le dhá ghné go háirithe a threorú.

- Agus aird á tabhairt ar chuspóirí an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha, arb é is aidhm dóibh gnólachtaí Eorpacha, go háirithe FB Manna, a chosaint ar íocaíochtaí déanacha agus aistriú chuig cultúr íocaíochta pras, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir le rogha na hionstraime dlí.
- I bhfianaise a riachtanaí atá sé sláinte eacnamaíoch cuideachtaí a chosaint, go háirithe FB Manna, agus an tábhacht a bhaineann le fasach a leagan síos d'íocaíocht phras á aithint ag na húdaráis phoiblí, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a roinnt maidir leis an togra le haghaidh tréimhsí ceangailteacha íocaíochta 30 lá féilire. Ar cheart sásraí solúbthachta a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna éagsúla ina n-oibríonn gnólachtaí? Beidh na léargais sin ina mbonn eolais don phlé ag na cruinnithe a bheidh ag an Meitheal amach anseo.
- Agus aird á tabhairt ar chuspóirí an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha agus ar na bunchúiseanna, go háirithe an easpa díspreagthaí oiriúnacha agus sásraí forfheidhmiúcháin neamhleora, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a roinnt maidir leis na húdaráis forfheidhmithe atá beartaithe. Agus inniúlachtaí na gcúirteanna agus na mbinsí maidir le díospóidí sibhialta á n-urramú, ar cheart sásraí rialaithe agus forfheidhmiúcháin a chur chun feidhme chun íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála a laghdú?